# Líon na Bearnaí

## Sraith 4: An fhoireann ag cruthú go hiontach

**Pictiúr 1**

Mí Mhéan Fómhair a bhí ann. Bhí beirt bhuachaillí ________________ar an scoil tar éis laethanta saoire an tsamhraidh. Bhí siad ag freastal ar Choláiste Eoin. Taobh amuigh de dhoras na scoile chonaic siad fógra go raibh imreoirí nua ag teastáil ar fhoireann iománaíochta na scoile chun imirt sa tsraith ____________. An bheirt seo againne, an bheirt bhuachaillí, tabharfaidh mé Pól agus Peadar orthú. Pól an buachaill leis an ngruaig dhorcha. Tá gruaig fhionn ar Pheadar. Maith go leor, Dúirt Peadar go raibh suim aige ann agus go mbeadh sé spéisiúil. Ba mhaith leis ___________ a bhaint as. Dúirt Pól go labhródh sé leis an Uasal Ó Múrchú, an múinteoir a bhí i gceannas ar an iománaíocht.

**Pictiúr 2**

Chinn siad ar dhul chuig an múinteoir i ______________ ar an iománaíocht. D'fhiafragh Peadar de Phól an raibh spéis aige fós dul ar an bhfoireann iománaíochta. D'fhreagair seisean go raibh sé sásta triail a bhaint as.
Thug an bheirt bhuachaillí cuairt ar an múinteoir a bhí i gceannas ar an iománaíocht. Dúirt siad leis gur mhaith leo triail a bhaint as an iománaíocht. Dúirt seisean go gcaithfidis ______________ siar dhá lá tar éis scoile chun cleachtadh a dhéanamh. D’fhiafraigh Pól de cén t-am a mbeadh siad saor. Bhí go maith is ní raibh go holc.

**Pictiúr 3**

An lá dar gcionn chuaigh siad amach ar an bpáirc, ________________ ar a cheann ag gach duine acu, éide iománaíochta orthu, bróga speisialta agus camán ina lámh acu. Bhí an t-uasal Ó Múrchú ina sheasamh ag an ________________ líne agus é ag tabhairt treoracha dóibh á dtraenáil. Leagadh cóin síos ar an bpáirc agus b'éigean do na himreoirí rith timpeall orthu amhail is dá mbeadh siad i gcluiche iománaíochta.
Mí Aibreáin. Nuair a bhí cuid mhór den bhliain caite agus an dara tearma ann, d'iarr an múinteoir ar na himreoirí a bhí ag glacadh páirt san iománaíocht teacht cuig _______________. Labhair sé leo agus mhol sé iad. Dúirt sé go raibh bliain iontach ag an bhfoireann, go ndearna siad an-obair san traenáil, gur éirigh go maith leo sna cluichí, gur éirigh chomh maith sin leo sna cluichí go raibh siad anois sa chluiche ceannais, sa chraobh. Bhí seans acu an _______________ a bhuachan.

# Líon na Bearnaí

**Pictiúr 4**

Bhí an craobhchluiche le bheith ar siúl i gceann cúpla lá agus sa chéad phictiúr eile feicimid fógra don ______________________, go mbeadh busanna ar fáil, go mbeadh siad ag imeacht ar a dó a chlog agus go raibh __________________ ag teastáil. Iarradh ar na daltaí go léir tacaíocht a thabhairt don bhfoireann, "Tacaigh leis an bhfoireann" a deir an fógra.

**Pictiúr 5**

Tá an cluiche thart, tá an _________________ faighte ag Coláiste Eoin le dhá chúl agus ocht gcúilín. An freasúra a bhí acu, Coláiste Phádraig, ní bhfuair siad ach dhá chúl agus sé chúilín. Bhí dhá chúilín sa difear eatarthú. Tá an-bhród ar fhoireann Coláiste Eoin agus ar a ____________ tacaíochta.

**Pictiúr 6**

Nuair a shroich siad an scoil tar éis an chluiche, bhí an príomhoide ansin os a gcomhair, fear meánaosta, spéaclaí á gcaitheamh aige, é ag eirí maol ar a chloigeann. Bhí an-athas air gur éirigh chomh maith sin leo. Dúirt sé go raibh siad go hiontach, go raibh moladh mór ag dul dóibh, gur chruthaigh siad ar fheabhas. _________________ sé go mbeadh cóisir sa scoil mar cheiliúradh ar an mbua a bhain siad amach. Ghabh sé _____________________ le gach duine de na himreoirí. Dúirt sé gur thuill siad clú agus cáil do Choláiste Eoin agus go raibh an-áthas air.